



Liotúirge le haghaidh Tráth 1: Teaghlaigh an Dóchais

(Is féidir a úsáid mar Liotúirge an Bhriathair)

Maisigh an spás beannaithe go simplí le coinne, cros agus soitheach mór gloine nó leabhar leis na hainmneacha de na cairde agus de na gaolta a cailleadh scríofa ann.

Iomann Iontrála: Déan iomann oiriúnach a chanadh agus na mic léinn ag iompar coinneal in ómós do na daoine a d'imigh romhainn, a bhfuil a gcuid saoil á ceiliúradh againn.

Deasghnáth Aithrí:

Ceannaire: Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhruíte a shlánú. A Thiarna déan trócaire.
A Thiarna déan trócaire.

Ceannaire: Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh. A Chríost déan trócaire.
A Chríost déan trócaire.

Ceannaire: Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son. A Thiarna déan trócaire.
A Thiarna déan trócaire.

(Is féidir an chuid seo a chanadh. Féach: 'Aifreann na hAthnuachana' le Bernard Sexton)

An Chéad Léacht:

Sliocht as Leabhar na hEagna (3:6–9)

Salm: A Thiarna, is Tusa m'Aoire (Ephrem Feeley)

An Dara Léacht

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na hEabhraigh (11:2; 12:1–4, 15; 13:1)

Gairm an tSoiscéil:

Alleluia, Alleluia!

Rinneadh colainn den Bhriathar agus chónaigh sé inár measc; an uile dhuine a ghlac é, thug sé de cheart dóibh go ndéanfaí clann Dé díobh.

Alleluia.

An Soiscéal:

Sliocht ón Soiscéal de réir Naomh Eoin (Eoin 14:1–12)



Guí an Phobail:

(Foinse: *An Leabhar Aifrinn*)

1. Guímid: Go mbuanaí Dia na Críostaithe mar chine aontaithe an chreidimh. A Thiarna éist linn. *A Thiarna bí ceansa agus éist linn.*
2. Guímid go saorfaidh Dia an saol ó ghreim marfach an chogaidh. A Thiarna éist linn. *A Thiarna bí ceansa agus éist linn.*
3. Guímid go nochtfaidh Dia é féin mar athair grámhar don aicme dá chlann féin atá gan obair, gan bhia, gan dídean. A Thiarna éist linn. *A Thiarna bí ceansa agus éist linn.*
4. Guímid go lonróidh solas na bhflaitheas orthu siúd a fuair bás agus iad ag súil leis an aiséirí. A Thiarna éist linn. *A Thiarna bí ceansa agus éist linn.*
5. Guímid ar son ár muintir féin. Guímid go leanfar dea-shampla an Teaghlaigh Naofa ionas go mbeimid ina dteannta amach anseo tar éis dúinn deacracht an tsaoil seo a shárú. A Thiarna éist linn. *A Thiarna bí ceansa agus éist linn.*
6. Guímid ar ár son féin. Deonaigh go léireoimid comhbhá agus trócaire Dé do chách, don duine do-ranna ach go háirithe. A Thiarna éist linn. *A Thiarna bí ceansa agus éist linn.*

Is féidir deireadh a chur leis an tseirbhís urnaí agus iomann oiriúnach a chanadh.

*Má bhíonn sagart i láthair, is féidir Adhradh na Croise a dhéanamh ar bhealach bunata. (féach *An Leabhar Aifrinn*).*

Moladh: Paidir Eocairisteach II

Ceol: (oiriúnach do Chruinniú Domhanda na dTeaghlach):

1. *A Joy for All the Earth* – Iomann Oifigiúil Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018 (Ephrem Feeley)
2. *A Íosa Coimeád na Caoire*
3. *A Mhuire Mháthair*
4. *Seinn Alleluia*
5. *A Chroí Dhil Íosa*
6. *Síocháin Libh*
7. *A Íosa is a Thiarna Dhil*
8. *Ag an bPósadh a bhí i gCána*
9. *A Íosa Glan mo Chroíse*
10. *A Dhia Naofa*
11. *Kumbaya a Thiarna, Kumbaya*

Comhghártha: *An Leabhar Aifrinn*